2020. M88 2020L001B1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020***

# *Gaeilge*
# *Bonnleibhéal*

**Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga**
360 MARC

**2 uair 20 nóiméad**

| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CLUASTUISCINT | |
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Iomlán | |


| *Don Scrúdaitheoir* | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-5) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## CUID I: CLUASTUISCINT – (120 marc)

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cén spórt is fearr le Róisín?










**Ceist 1 (b)** Cá bhfuil an Láthair Náisiúnta Chispheile?

| | |
|---|---|
| I Loch Garman | |
| I Luimneach | |
| I dTamhlacht | |

**Ceist 2 (a)** Cá bhfuil Tomás ag obair?












**Ceist 2 (b)** Cén obair a dhéanann Tomás i ndiaidh an lóin?


| | |
|---|---|
| Obair ag scipéad an airgid | |
| Líonadh seilfeanna | |
| Pacáil málaí | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an bhean ag dul?












**Ceist 4** Cá bhfuil siopa an phoitigéara? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)





**Tá an fear anseo**

**Ceist 5 (a)** Cén sórt tí atá le ligean ar cíos?









**Ceist 5 (b)** Cá bhfuil an t-ionad beárbaiciú?

| | |
|---|---|
| Ar thaobh an tí | |
| Sa ghairdín ar chúl an tí | |
| Trí chiliméadar ón teach | |

**Ceist 6 (a)** Cá raibh Cáit agus a muintir don deireadh seachtaine?

| | |
|---|---|
| San Iodáil | |
| In ionad saoire i Longfort | |
| Sa Spáinn | |

**Ceist 6 (b)** Cad a rinne Cáit agus a deartháir tar éis an lóin Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Snámh | |
| D'imir siad leadóg | |
| Rothaíocht | |

**Ceist 7 (a)** Cé a labhair leis na scoláirí sa séú bliain faoi dhrugaí?

| | |
|---|---|
| Garda Síochána | |
| Múinteoir Eacnamaíocht Bhaile | |
| Dochtúir | |

**Ceist 7 (b)** Cad a bhí ar siúl do na scoláirí sa chúigiú bliain ar an lá aclaíochta?

| | |
|---|---|
| Comórtas peile | |
| Siúlóid 10 gciliméadar | |
| Ranganna ióga | |

**Ceist 8 (a)** Cén fáth nár fhreagair Liam an téacs ó Nuala?

| | |
|---|---|
| Bhí a fhón póca briste | |
| Ní raibh creidmheas aige | |
| Chaill sé a fhón póca | |

**Ceist 8 (b)** Cén cineál fóin atá le díol ag deartháir Nuala?

| | |
|---|---|
| Fón nua | |
| Fón athláimhe | |
| Fón seanfhaiseanta | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 5 – 17 sa fhreagarleabhar seo.**


FREAGAIR **GACH** CEIST **(1**, **2** *agus* **3).**


**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)


| | |
|---|---|
| **1.** | **Rabhadh**<br>Péint úr<br>Ná húsáid an doras seo |
| **2.** | **Lá na Sábháilteachta Idirlín**<br>Dé Máirt<br>11 Feabhra |
| **3.** | **Tae nó caife uait?**<br>Ná húsáid cupán plaisteach |
| **4.** | **Rogha na bhFaisean**<br>Ceannaigh d'éide scoile anseo |
| **5.** | **Íoslódáil Aip TG4**<br>saor in aisce ar d'fhón |
| **6.** | **Cumann na Croise Deirge**<br>Déan Cúrsa Garchabhrach linn<br>Gach eolas ó (01) 467308 |
| **7.** | **Oibreacha bóthair romhat**<br>Luas 60 ciliméadar san uair |
| **8.** | **Giotár leictreach ar díol**<br>Praghas €150<br>Glaoigh ar 084 254117 |
| **9.** | **Taispeántas Ealaíne**<br>Dánlann Náisiúnta na hÉireann<br>Cead isteach: €10 |
| **10.** | **An Geata Bordála**<br>Taispeáin do thicéad<br>agus do phas |

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **9** | |
| **10** | |


























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

Roinn na bPrintíseachtaí,
An Institiúid Teicneolaíochta,
Sligeach.
20 Meán Fómhair 2019

Peadar Ó Cathasaigh,
23 Bóthar na Fuinseoige,
Ros Comáin.

A Pheadair, a chara,

Go raibh maith agat as freastal ar agallamh le stiúrthóir Roinn na bPrintíseachtaí, Dé Luain seo caite, 16 Meán Fómhair.

D'éirigh go han-mhaith leat san agallamh. Tá taithí oibre agat ag obair i siopa leictreach d'uncail i Ros Comáin. Fuair tú torthaí maithe i scrúdú na hArdteistiméireachta ar an 13 Lúnasa, ina measc, Grád H3 san Innealtóireacht, Grád H4 sa Teicneolaíocht agus Grád O2 sa Mhatamaitic. Mar sin, ba mhaith liom áit a thairiscint duit ar an gcúrsa printíseachta do leictreoirí anseo san Institiúid Teicneolaíochta i Sligeach.

Cúrsa ceithre bliana a bheidh ann. Le linn an chúrsa, gheobhaidh an printíseach taithí phraiticiúil le comhlacht leictreach dhá lá sa tseachtain. Caithfidh an printíseach na trí lá eile ag freastal ar ranganna anseo san Institiúid. Beidh scrúdú ann ag deireadh an chúrsa.

Má tá tú sásta glacadh le háit ar an gcúrsa printíseachta seo, seol ríomhphost chuig muireann@itsligeach.ie roimh mheán lae ar an 4 Deireadh Fómhair. Tá gach eolas faoin gcúrsa le fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide. Seolfar liosta lóistín chugat tríd an ríomhphost má ghlacann tú leis an áit ar an gcúrsa.

Is mise,
Muireann Ní Chonaill,
Oifigeach Pearsanra

**Ceisteanna**

**1.** Cathain a d'fhreastail Peadar ar an agallamh?

| | |
|---|---|
| 13 Lúnasa | |
| 16 Meán Fómhair | |
| 20 Meán Fómhair | |

**2.** Cén grád a fuair Peadar sa Teicneolaíocht san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád O2 | |
| Grád H3 | |
| Grád H4 | |

**3.** Cad a gheobhaidh an printíseach dhá lá sa tseachtain?

| | |
|---|---|
| Scrúdú | |
| Ranganna | |
| Taithí phraiticiúil | |

**4.** Cad a bheidh sa ríomhphost a sheolfar chuig Peadar má ghlacann sé le háit ar an gcúrsa?


| | |
|---|---|
| Liosta lóistín | |
| Torthaí na hArdteistiméireachta | |
| Gach eolas faoin gcúrsa | |

**5.** Cén post atá ag Muireann Ní Chonaill?

| | |
|---|---|
| Leictreoir | |
| Oifigeach Pearsanra | |
| Stiúrthóir | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

## Ionad an Bhlascaoid Mhóir



Tá clú agus cáil ar Ionad an Bhlascaoid Mhóir i nGaeltacht Chorca Dhuibhne. Tá Ionad an Bhlascaoid Mhóir suite i nDún Chaoin, timpeall sé chiliméadar déag ón Daingean. Tá an t-ionad ag féachaint amach ar na Blascaodaí.

Tógadh Ionad an Bhlascaoid Mhóir sa bhliain 1993. Bíonn an t-ionad ar oscailt do chuairteoirí ó mhí Aibreáin go dtí mí Dheireadh Fómhair gach bliain. Is músaem é a insíonn scéal an Bhlascaoid Mhóir. Mhair daoine ar an mBlascaod Mór ar feadh na gcéadta bliain go dtí gur tréigeadh an t-oileán ar fad sa bhliain 1953. Feirmeoirí agus iascairí ba ea na hoileánaigh agus tá cur síos sna taispeántais ar an saol a bhí acu agus ar na nósanna a bhain le saol an oileáin. Tá naomhóg ar taispeáint sa mhúsaem mar shiombail de thraidisiún na hiascaireachta. Tá grianghraif d'oileánaigh ar taispeáint sa mhúsaem. Tá agallaimh leis na hoileánaigh ar coimeád ann freisin.

Scríobhadh a lán leabhar cáiliúil faoi shaol an Bhlascaoid Mhóir agus faoi na hoileánaigh. Tá cóipeanna de na leabhair sin sa leabharlann sa mhúsaem. Ba é Tomás Ó Criomhthain údar an leabhair *An tOileánach*, Peig Sayers a d'inis an scéal atá in *Machnamh Seanmhná* agus scríobh Muiris Ó Súilleabháin *Fiche Bliain ag Fás*. Thug na húdair seo cuntas dúinn ar an saol a chaith siad ar an oileán agus ar na scoláirí a thug cuairt orthu chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

Tá radharc iontach ar an mBlascaod Mór le feiceáil ón ionad. Téann báid farantóireachta isteach go dtí an t-oileán i rith an tsamhraidh nuair a bhíonn an aimsir oiriúnach. Tá seanteach an scríbhneora, Tomás Ó Criomhthain, atógtha ar an oileán. Is sampla maith an teach seo den chineál tí a bhíodh ag na hoileánaigh. Ní bhíodh aon leictreachas ná uisce reatha sna tithe ar an oileán. Tá teach lóistín ar an oileán agus is féidir le cuairteoirí fanacht ann. Is féidir leo béile a fháil sa chaifé ar an oileán.

*Caith cúpla lá linn anseo. Tá saoire den scoth romhat sa cheantar seo.*

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Ionad an Bhlascaoid Mhóir suite?

| | |
|---|---|
| Ar na Blascaodaí | |
| Sa Daingean | |
| I nDún Chaoin | |

**2.** Cathain a tréigeadh an Blascaod Mór?

| | |
|---|---|
| Sa bhliain 1953 | |
| Na céadta bliain ó shin | |
| Sa bhliain 1993 | |

**3.** Cén tsiombail de thraidisiún na hiascaireachta atá ar taispeáint sa mhúsaem?

| | |
|---|---|
| Agallaimh | |
| Naomhóg | |
| Grianghraif | |

**4.** Cén leabhar a scríobh Muiris Ó Súilleabháin?

| | |
|---|---|
| Machnamh Seanmhná | |
| An tOileánach | |
| Fiche Bliain ag Fás | |

**5.** Cén áit ar an oileán ar féidir le cuairteoirí fanacht?

| | |
|---|---|
| Teach Thomáis Uí Chriomhthain | |
| Sa teach lóistín | |
| Sa chaifé | |

**(c)** Léigh **an scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi.

(25 marc)

## Cuairteoir aisteach …

Dé Sathairn seo caite, nuair a dhúisigh Muiris ina sheomra leapa ar leathuair tar éis a deich, bhí sé leis féin sa teach. Chuaigh sé díreach go dtí an chistin. Líon sé an citeal agus chuir sé píosa aráin sa tóstaer dó féin. Bhí Muiris ar tí cupán caife a dhéanamh nuair a chuala sé fuaim aisteach ag teacht ón seomra suí. Baineadh geit cheart as mar bhí a fhios aige nach raibh aon duine sa teach ach é féin.

D'éist Muiris go cúramach. Bhí fothram le cloisteáil taobh thiar den doras gach cúpla soicind. 'An bhfuil cat nó luch sa seomra suí?' arsa Muiris leis féin. Rug sé greim ar spúnóg adhmaid agus d'oscail sé doras an tseomra suí go tapa. Baineadh preab as nuair a d'eitil éan beag dubh trasna an tseomra i dtreo na fuinneoige. Bhí an fhuinneog dúnta. Bhuail an t-éan i gcoinne an phána gloine ach níor gortaíodh go dona é mar bhí sé ag bualadh a sciathán go fóill.

Chonaic Muiris súiche dubh os comhair an tinteáin. Ba léir do Mhuiris ansin gur tháinig an t-éan anuas an simléar. Ní raibh seans dá laghad ann go rachadh an t-éan suas an simléar agus amach arís. Dhún Muiris doras an tseomra suí láithreach.

Tháinig Muiris ar phlean simplí. D'oscail sé an doras beagán agus chaith sé píosa aráin isteach sa seomra suí. D'éalaigh Muiris isteach sa seomra suí go ciúin agus dhún sé an doras ina dhiaidh. Chuaigh sé anonn go dtí leac na fuinneoige. D'oscail sé an fhuinneog agus chaith sé píosa eile aráin amach sa ghairdín. Chuaigh sé ar ais go dtí an chistin agus d'ith sé a bhricfeasta. Níor chuala sé fothram ar bith ón seomra suí. Tar éis tamaill, d'fhéach sé isteach sa seomra suí arís. Ní raibh tásc ná tuairisc ar an éan. Ba léir gur éalaigh an t-éan amach tríd an bhfuinneog oscailte. Bhí scéal mór ag Muiris le hinsint dá chairde tráthnóna.

**Ceisteanna**

**1.** Cén seomra ina raibh Muiris nuair a chuala sé fuaim aisteach?

| | |
|---|---|
| Sa seomra suí | |
| Sa chistin | |
| Sa seomra leapa | |

**2.** Cad ba chúis leis an bhfuaim aisteach?

| | |
|---|---|
| Éan beag dubh | |
| Luch | |
| Cat | |

**3.** Cá raibh an súiche dubh le feiceáil?

| | |
|---|---|
| Ar an bhfuinneog | |
| Os comhair an tinteáin | |
| Ar an doras | |

**4.** Cad a chaith Muiris isteach sa seomra suí?

| | |
|---|---|
| Spúnóg adhmaid | |
| Súiche | |
| Píosa aráin | |

**5.** Conas a d'éalaigh an t-éan amach as an teach?

| | |
|---|---|
| Tríd an bhfuinneog oscailte | |
| Suas an simléar | |
| Tríd an doras | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Sibéal Ní Chasaide



Tá clú agus cáil ar Shibéal Ní Chasaide mar amhránaí, mar cheoltóir agus mar Ghaeilgeoir. Is as Gaoth Dobhair dá hathair agus is as Meiriceá dá máthair ach is bean óg as Ráth Chairn, Co. na Mí, í Sibéal.

Is teaghlach an-cheolmhar iad teaghlach Shibéal. Seinneann a hathair an veidhlín agus tá sé ina bhall den ghrúpa, Na Casaidigh. Bhíodh Sibéal ag éisteacht leis an ngrúpa ag cleachtadh nuair a bhí sí ag fás aníos. Seinneann Sibéal an chláirseach. Thosaigh sí ag foghlaim amhránaíocht ar an sean-nós nuair a bhí sí cúig bliana d'aois.

Sa bhliain 2016, nuair a bhí Sibéal sa chúigiú bliain ar scoil, fuair sí deis iontach. Chan sí an t-amhrán 'Mise Éire' beo ar an gclár a bhí ar RTÉ chun Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh. Thuill an t-amhrán sin clú agus cáil di agus shínigh sí conradh le Universal Music. Fuair Sibéal moladh mór as an leagan Gaeilge d'amhrán The Cranberries 'Linger' a chanann sí ar an albam ceoil 'Ceol 2018'. 'Fuarú' an teideal atá ar an leagan Gaeilge.

Bhí Sibéal an-ghnóthach sa bhliain 2019. Bhí sí le cloisteáil ar an raidió agus ar an teilifís go minic. Chan sí ag a lán féilte ceoil anseo in Éirinn agus thar lear. I mí Lúnasa, chan sí ag Fleadh Cheoil na hÉireann i nDroichead Átha. D'eisigh sí a céad albam, 'Sibéal' i mí Lúnasa. Bhí sí le cloisteáil ag canadh sa Phuball Gaeilge ag an bPicnic Leictreach i mí Mheán Fómhair. Chuaigh sí go Sydney san Astráil le canadh ag ceolchoirm mhór.

Tá Sibéal an-bhródúil as a teanga dhúchais. Is aoibhinn léi a bheith ag labhairt Gaeilge. Bhíodh an Ghaeilge á labhairt aici agus í ag fás aníos i nGaeltacht Ráth Chairn. Nuair a bhí sí sa chéad bhliain ar Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, d'fhan sí i dTeach na Gaeilge ar an gcampas. Cainteoirí Gaeilge ar fad a bhí ag fanacht ar lóistín ansin. In 2019, bhí sí ar dhuine d'Ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge. Ina ról mar Ambasadóir, spreag sí daoine chun Gaeilge a labhairt agus labhair sí Gaeilge go rialta. Is minic a sheolann sí tvuíteanna i nGaeilge.

**Ceisteanna**

**1.** Cad as do Shibéal Ní Chasaide?

| | |
|---|---|
| Gaoth Dobhair | |
| Ráth Chairn | |
| Meiriceá | |

**2.** Cad a thosaigh sí ag foghlaim nuair a bhí sí cúig bliana d'aois?

| | |
|---|---|
| An veidhlín | |
| An chláirseach | |
| Amhránaíocht ar an sean-nós | |

**3.** Cén t-amhrán a chan Sibéal ar RTÉ sa chlár chun Éirí Amach na Cásca 1916 a chomóradh?

| | |
|---|---|
| Fuarú | |
| Mise Éire | |
| Ceol 2018 | |

**4.** Cá raibh Sibéal ag canadh i mí Mheán Fómhair 2019?

| | |
|---|---|
| Sa Phuball Gaeilge | |
| I nDroichead Átha | |
| Ag Fleadh Cheoil na hÉireann | |

**5.** Cár fhan Sibéal agus í sa chéad bhliain ar Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath?

______________________________________________

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Hector Ó hEochagáin



Is láithreoir cáiliúil raidió agus teilifíse é Hector Ó hEochagáin. Chuir sé cláir chainte i láthair ar RTÉ 2FM agus ar Today FM. Bhí sé mar dhuine de na láithreoirí ar chlár ceoil agus cainte TG4 ar Oíche Chinn Bliana. Ach is mar láithreoir ar chláir thaistil is mó atá aithne ag a lán daoine in Éirinn ar Hector.

Rugadh agus tógadh Hector Ó hEochagáin san Uaimh i gContae na Mí. Chuir sé suim san aisteoireacht agus é ar an meánscoil. D'fhreastail sé ar chúrsaí Gaeilge ar choláiste samhraidh Ráth Chairn. Chaith sé tamall ina chónaí ar Inis Meáin. Bhí sé ina chónaí sa Spáinn ar feadh cúpla bliain agus tá sé líofa sa Spáinnis. Faoi láthair, tá sé ina chónaí i gContae na Gaillimhe.

Is beag tír den domhan nach bhfuil siúlta ag Hector faoin am seo sna sraitheanna taistil atá curtha i láthair aige. Ba é *Amú le Hector* an chéad sraith thaistil a chuir sé i láthair ar TG4. Thug sé cuairt ar chathracha móra ar fud an domhain. Sa tsraith *Hector Central*, thaistil sé trí Mheiriceá Láir. Sa tsraith *Ó Siberia go Saigon*, thaistil sé ó chroílár na Sibéire tríd an Áise chomh fada le Saigon. Sa tsraith is déanaí, *Hector USA - Ó Chósta go Cósta*, bhí Hector ar ais ar an mbóthar arís sna Stáit Aontaithe. Thaistil sé níos mó ná 8,000 ciliméadar trasna ocht stát chomh fada le San Diego, California. Chuir sé meascán de dhaoine, d'áiteanna agus d'imeachtaí os ár gcomhair ar na cláir sin. Bhuail sé le buachaillí bó. Thug sé cuairt ar an siopa inar cheannaigh an t-amhránaí cáiliúil, Elvis Presley, a chéad ghiotár. Bhuail sé le laoch dá chuid, an lúthchleasaí cáiliúil, Carl Lewis in Texas.

Tá cláir thaistil Hector difriúil le cláir eile. Tá stíl ghreannmhar agus gáire tógálach ag Hector. Tá bua aige daoine a chur ar a gcompord agus é ag caint leo. Ach is é an rud is spéisiúla faoi Hector ina chuid clár taistil ná nach gcuireann aon rud eagla air.

Cá rachaidh sé sa chéad sraith eile? Cá bhfios, ach ní fada go mbeidh an domhan ar fad siúlta aige.

**Ceisteanna**

**1.** Cén cineál clár is mó a chuireann Hector Ó hEochagáin i láthair?

| | |
|---|---|
| Cláir thaistil | |
| Cláir chainte | |
| Cláir cheoil | |

**2.** Cá bhfuil Hector ina chónaí faoi láthair?

| | |
|---|---|
| Sa Spáinn | |
| I gContae na Gaillimhe | |
| Ar Inis Meáin | |

**3.** Cén áit a raibh Hector sa tsraith is déanaí?

| | |
|---|---|
| Meiriceá Láir | |
| An Áise | |
| Na Stáit Aontaithe | |

**4.** Cé hé Carl Lewis?

| | |
|---|---|
| Buachaill bó | |
| Lúthchleasaí | |
| Amhránaí | |

**5.** Cad é an rud is spéisiúla faoi Hector ina chuid clár taistil?

________________________________________


**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## An Taistealaí Aonair

Tá sioc ar an talamh ar a ceathrú chun a sé,
Is mé ag déanamh ar an stáisiún traenach.
Tá an ghealach sa spéir ag sleamhnú siar
Is san oirthear tá an ghrian ag éirí.

Níl duine beo ar an ardán ciúin,
Ná fiú sodar na gcos le cloisteáil.
Tá duilleoga ag damhsa sa ghaoth aduaidh
Is an áit chomh ciúin leis an uaigh.

Cén torann é sin atá ag druidim liom?
Is féachaim ó dheas i bhfad uaim –
Is gearr anois go bhfeicfidh mé chugam
An traein ag teacht faoi luas.
Brostóidh mé ar bord nuair a stopfaidh sí
Is beidh mé compordach istigh.



**Ceisteanna**

**1.** Cén t-am atá sé agus an file ag déanamh ar an stáisiún traenach?

| | |
|---|---|
| 5.45 | |
| 6.15 | |
| 6.45 | |

**2.** Cad atá ag sleamhnú siar?

| | |
|---|---|
| An stáisiún traenach | |
| An ghealach | |
| An ghrian | |

**3.** Cad atá ag damhsa sa stáisiún traenach?

| | |
|---|---|
| Duine | |
| Cosa | |
| Duilleoga | |

**4.** Cén treo a bhféachann an file?

| | |
|---|---|
| Ó thuaidh | |
| Ó dheas | |
| Siar | |

**5.** Cad a dhéanfaidh an file nuair a stopfaidh an traein?

________________________________________________

# Lean ar aghaidh go Cuid II : Roinn II

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4** *AGUS* **5**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 14 agus 15.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 16 agus 17.

☞

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




| Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit? | Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Táille? | Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? | Cad a dhéanfar leis an airgead? |
|---|---|---|---|

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Is tusa Ruairí. Fuair tú an cuireadh seo ó Áine. Scríobh **FREAGRA** ar an gcuireadh seo.
I do fhreagra, luaigh na pointí seo:

| | |
|---|---|
| - An lá a fuair tú an cuireadh | } Pictiúr 1 |
| - Go raibh áthas ort nuair a fuair tú an cuireadh | } Pictiúr 1 |
| - Gur iarr tú cead ar do Mham dul ann | } Pictiúr 3 |
| - Go mbeidh tú ábalta dul ann | } Pictiúr 3 |
| - Conas a rachaidh sibh ann | } Pictiúr 3 |
| - **Dhá** rud faoin gcluiche | } Pictiúr 4 |
| - An t-am a thiocfaidh sibh abhaile | } Pictiúr 4 |

**N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do fhreagra: tús agus críoch oiriúnach.**

**FREAGRA**


**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú ag **Seó Tallainne** le do chairde an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin Seó Tallainne sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**Seó Tallainne**




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú ar thuras báid le do chara.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|
| Póstaer<br>Ag smaoineamh | Ar an gcé<br>Ticéad | Ag léim<br>Ceamara | Ag filleadh<br>Tuismitheoirí |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán